Cá Cá Cá

An gcloiseann tú an gleo ar maidin
An gcloiseann tú an cá cá cá?
Sin préachán atá fíorshásta
Sin préachán atá i ngrá

Beidh nead acu ar bharr na craoibhe
An préachán is a mhíle grá
Is beidh siad ann ag ceol le chéile
Cloisfidh tú an cá cá cá

Curfá:
Cá cá cá
Cá cá cá
Sin préachán atá i ngrá

Is gearr go mbeidh an ubh ag pléascadh
Is siúd amach an babaí breá
Is beidh a mham 's a dhaid chomh sásta
Go gcloisfidh tú an cá cá cá

Is deirtear nach bhfuil ceol ag préachán
Ach níl sé ceart ná cóir é sin a rá
Mar níl aon cheol atá chomh binn don phréachán
Le préachán eile ag casadh "cá cá cá".

Curfá:

©1997 & 2004 – Ceol agus liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin